*Uimhir* 19 *de* 2005

# An tAcht um Chlárú Sibhialta (Leasú), 2005

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 19 *de* 2005

# AN tACHT UM CHLÁRÚ SIBHIALTA (LEASÚ), 2005

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Leasú ar an Acht um Chlárú Sibhialta, 2004.

2. Gearrtheideal agus comhlua.

An tAcht dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004 | 2004, Uimh. 3 |

*Uimhir* 19 *de* 2005

# AN tACHT UM CHLÁRÚ SIBHIALTA (LEASÚ), 2005

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA UM CHLÁRÚ SIBHIALTA, 2004.

[9 *Iúil* 2005]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Leasú ar an Acht um Chlárú Sibhialta, 2004.

**1.—**Leasaítear an tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 67:

"67A.—(1) Faoi réir fho-alt (2), íocfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le daoine lena mbaineann an t-alt seo—

(*a*) táillí de cibé méid (más ann) a fhorordófar i leith comhlíonadh cibé feidhmeanna de chuid cláraitheora de réir bhrí alt 17 a fhorordófar, agus

(*b*) liúntais de cibé méid (más ann) a fhorordófar i leith cibé tréimhsí agus i gceann cibé eatramh a fhorordófar.

(2) Ní íocfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte táille le duine faoi fho-alt (1) mura deimhin léi gur chomhlíon an duine an fheidhm lena mbaineann an táille.

(3) D'fhonn a dheimhniú d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur chóir táille faoi fho-alt (1) a íoc le duine, déanfaidh an duine lena mbaineann cibé faisnéis agus doiciméadacht a fhorordófar a sholáthar d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i cibé foirm a fhorordófar.

(4) Tá feidhm ag an alt seo maidir le daoine—

(*a*) a measfar faoi fho-alt (11) d'alt 17 gur cláraitheoirí iad arna gceapadh faoin alt sin, agus

(*b*) ar íocadh liúntas leo faoi achtachán aisghairthe.".

Gearrtheideal agus comhlua.

**2.—**(1) Féadfar an tAcht um Chlárú Sibhialta (Leasú), 2005 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Chlárú Sibhialta, 2004 agus 2005 a ghairm den Acht um Chlárú Sibhialta, 2004 agus den Acht seo le chéile.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€0.76

Wt. 107342. 42. 9/22. Essentra. (93420). Gr.30-15.

9 781399 303552